

**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**  
**Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide**  
**Beartas maidir le hÚsáid Inghlactha**

Soláthraíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann rochtain saor in aisce don phobal ar acmhainní teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, chun críocha taighde agus tagartha. Áirítear leis na hacmhainní suíomh gréasáin na Leabharlainne Náisiúnta, an chatalóg, acmhainní leictreonacha ar síntiús agus an tIdirlíon. Tá acmhainní teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ar fáil trí ríomhairí poiblí i seomraí léitheoireachta na Leabharlainne. Ach ticéad léitheora bailí a bheith ag úsáideoirí, is féidir leo leas a bhaint as seirbhís Wi-Fi na Leabharlainne Náisiúnta sna Seomraí Léitheoireachta lena ríomhairí glúine féin agus le gléasanna eile dá gcuid a bhfuil cumas Wi-Fi acu. Tá treoirlínte ar fáil maidir le conas nascadh leis an líonra; is oth linn nach féidir le baill foirne na Leabharlainne Náisiúnta aon tacaíocht TF bhreise a sholáthar.

Ní mór d'úsáideoirí cloí leis na coinníollacha a leagtar síos sa bheartas seo agus acmhainní leictreonacha á rochtain acu i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá an beartas seo ceaptha chun leasanna úsáideoirí na Leabharlainne a chosaint agus déanfar athbhreithniú rialta air lena chinntiú go mbeidh sé fós tráthúil, ábhartha.

#### **Coinníollacha maidir le rochtain**

Cé go ndéanann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a dícheall acmhainní cruinne, atá cothrom le dáta, a chur ar fáil agus slándáil a córas ríomhaireachta a chinntiú, is timpeallacht neamhshlán é an tIdirlíon.

Maidir le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

- ní ghlacann sí aon fhreagracht as cáilíocht, cruinneas nó infhaighteacht na faisnéise a dhéantar a rochtain trí na hacmhainní leictreonacha ar síntiús ná ar an tIdirlíon. Tá freagracht phearsanta ar gach úsáideoir as féachaint chuige go bhfuil an fhaisnéis a aimseoidh sé nó sí cruinn
- ní ghlacann sí dliteanas ar bith as aon chailteanas, damáiste nó gortú, bíodh sé díreach nó indíreach, a tharlódh de dheasca úsáid a bhaint as acmhainní ríomhaireachta na Leabharlainne
- níl sí faoi dhliteanas i leith ábhar tríú páirtí ar bith ar na hacmhainní leictreonacha ar síntiús ná ar an tIdirlíon ar ábhar é a d'fhéadfadh a bheith maslach, gríosaitheach, nó goilleadh ar dhaoine, dar le húsáideoirí
- níl sí faoi dhliteanas i leith aon sárúithe slándála, lena n-áirítear víris nó bogearraí mailíseacha, a d'fhéadfadh tarlú do léitheoirí nó do chuariteoirí agus iad ag úsáid trealamh na Leabharlainne ná as aon chailteanas nó damáiste a d'fhéadfadh tarlú mar gheall nach bhfuil trealamh Leabharlainne nó an tIdirlín ar fáil, lena n-áirítear cur isteach le linn úsáide.

#### **Slándáil**

Tá cosc ar na gníomhaíochtaí seo a leanas ar ríomhairí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann nó ar gléasanna pearsanta a nasctar le líonra Wi-Fi na Leabharlainne Náisiúnta:

- aon ghníomhaíocht atá toirmisceithe faoin dlí náisiúnta nó idirnáisiúnta
- cearrbhachas
- gabháil d'aon chineál gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear ceannach agus díol earraí
- cluichí a imirt

- iarracht a dhéanamh rochtain neamhúdaraíthe a fháil ar ríomhairí nó líonraí eile
- ábhar a d'fhéadfaí a mheas a bheith gáirsiúil, maslach nó ionsaitheach a fháil, a chur ar taispeáint nó a dháileadh
- fógraí gan iarraidh a dháileadh

Ba cheart a fhios a bheith ag úsáideoirí freisin go bhfuil rioscaí ag gabháil le roinnt gníomhaíochtaí ar líne e.g. má chraoltar sonraí pearsanta nó sonraí príobháideacha ar an líonra d'fhéadfadh sé go bhfaighfí ríomhphost nó aird nach bhfuil de dhíth. Ní féidir le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bheith freagrach as aon chaillteanas a eascraíonn as faisnéis airgeadais rúnda a sheoladh tríd an Idirlíon.

Cuireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bogearraí scagtha i bhfeidhm agus iarracht á déanamh aici ábhar Idirlín a d'fhéadfadh a bheith maslach agus a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach a scagadh amach. Mar sin féin, is féidir leis tarlú uaireanta go bhfaigheann modhanna scagtha réidh le hábhar atá breá inghlactha. Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann toilteanach smaoineamh ar aon suíomh den sórt sin a chur ar fáil ar iarraidh agus tar éis seiceáil chúramach a dhéanamh air.

Más a dtrealamh féin atá á úsáid ag daoine, ba cheart dóibh féachaint chuige go bhfuil na paistí córais is déanaí suiteáilte ar an gcóras oibriúcháin atá roghnaithe acu, agus go bhfuil na bogearraí frithviris gníomhach agus cothrom le dáta, sula nascfaidh siad le Líonra Wi-Fi na Leabharlainne Náisiúnta.

Tá ríomhairí uile na Leabharlainne suite in áiteanna poiblí, áit a bhfuil radharc soiléir ag baill foirne orthu. Ina theannta sin, is féidir le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faireachán a dhéanamh ar an rochtain ar shuímh Idirlín, agus féadfar dul i mbun gníomhaíocht bhreise má dhéantar aon rochtain phoiblí ar ábhar atá mídhleathach, ionsaitheach nó conspóideach. Má fheiceann aon duine den phobal mí-úsáid á baint as trealamh ríomhaireachta de chuid na leabharlainne, ba cheart dó nó di tuairisc ina leith sin a thabhairt do bhall d'fhoireann an tSeomra Léitheoireachta.

Bíodh meas agat, le do thoil, ar threalamh na Leabharlainne Náisiúnta. Ní cheadaítear aon bhogearraí a íoslódáil ná úsáid a bhaint as gléasanna USB, dioscaí boga ná CD-ROManna ar ríomhairí de chuid na Leabharlainne. Ná déan iarracht fadhbanna teicniúla ná fadhbanna le bogearraí a réiteach, ná socrúithe a athrú. Fág an trealamh ar fad casta air.

Deimhním gur léigh mé agus gur thuig mé na beartais agus na rialacha a shonraítear i mBeartas na Leabharlainne maidir le hÚsáid Inghlactha a bhaint as Áiseanna TFC na Leabharlainne, mí na Nollag 2012, agus go bhfuilim toilteanach cloí leo.